Iarsmalann Uladh

Mapa







Eochair an tSuímh:

- 06 Radharc ar an Domhan
- 13 Takabuti (Saol & Bás sa tSean-Éigipt)
- 17 Foghlaim faoin Nádúr
- 18 Réimeanna na Samhlaíochta (i bhFuinneog an Nádúir)
- 23 Iontaisí agus Éabhlóidí
- 33 Dánlann Ealaíne Feidhmí George & Angela Moore

- Ionad Fáilte
- Ionad Ealaíne
- Ionad Nádúir
- Ionad Staire
- Radharc Ar An Domhan

Tabhair cuairt ar an siopa ar urlár na talún.

Ná déan dearmad cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín na hiarsmalainne chun tuilleadh eolais a fháil faoinár gcuid imeachtaí, taispeántas, uaireanta oscailte agus faoi bhuaicphointí ár mbailiúcháin.

www.nmni.com

Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann

Iarsmalann Uladh

taiscéal/triail/bain taitneamh as

An Treoirleabhar atá Cineál Scanrúil

An maith leat beagán scanraidh a bheith ort? Tá bailiúchán de charachtair ar leith againn anseo. Iasc ollmhór a bhfuil cuma bulladóra air, bultúr féasógach, nathair chumhachtach agus aghaidh fidil an bháis. Tá go leor nithe spéisiúla le feiceáil, tá sé cineál scanrúil.
Ach níl sé scanrúil amach is amach...

Masc dhamhsóirí Kolam

Caitheann daoine an masc péinteáilte adhmaid seo agus iad ag glacadh páirte i dtaispeántas damhsa ó Shrí Lanca ar a dtugtar an 'Kolam Cosúil le hainmneacha eile ar thraidisiúin drámaíochta san Áise theas, is éard is brí le Kolam ná bréagriocht agus aithris. Taispeántar Naga Rasa ar an masc seo, deamhain nathrach a léiríonn an droch-chumhacht a bhaineann le nimh na nathrach ar féidir léi beatha dhaonna agus ainmhíoch a scriosadh. Caitheann na haisteoirí na maisc seo agus iad ag damhsa, ag mímeadh agus ag insint scéalta, idir scéalta faoi shaol an tsráidbhaile agus miotais Hiondúcha Tabhartas ab ea an aghaidh fidil seo ón Uasal James Emerson Tennent ón Iompú Deiseal i gContae Fhear Manach i 1856. Rúnaí Sibhialta ab ea é ar rialtas Shrí Lanca ó 1845 go 1850.

Féach ar Aghaidh fidil dhamhsóirí Kolam i Radharc ar an Domhan (06).

Takabuti

Sárionadaí ab ea Takabuti de shibhialtacht mhórga na Sean-Éigipte. Ba é a mumaí ceann de na foilseáin is mó spéise do dhaoine ó cuireadh i láthair é don phobal sa bhliain 1835. Níos mó ná dhá mhíle cúig chéad bliain ó shin, bhíodh sí ina máistreás ar theach tábhachtach gar do Thebes ar Ghleann na Níle. Thóg an tUasal Thomas Greg ó Ard Mhic Nasca, Contae an Dúin an mumaí go Béal Feirste agus baineadh an clúdach de ar 27ú Eanáir 1835 os comhair baill de Chumann Stair an Dúlra & na Fealsúnachta ar tugadh cuireadh speisialta dóibh. Chuir an tUrramach Dr. Edward Hincks, saineolaí ar iairiglifí Éigipteacha a shoiléiriú, in iúl do lucht an chruinnithe gur Takabuti an t-ainm a bhí ar an mumaí, agus go raibh sí saibhir, pósta agus idir 20 agus 30 bliain d'aois.

Féach ar Takabuti Saol agus Bás sa tSean-Éigipt (13).

Tarantúla Glúndearg Meicsiceach

Cosúil le gach cineál damháin alla, tá ocht gcos ag Tarantúlaí. Baintear úsáid as an dá bhraiteog ghearra ar an gceann, na *pedipalps*, chun cabhair a thabhairt dóibh agus iad i mbun ithe agus cúplála. Feidhmíonn a ghéaráin cosúil le steallaire a insteallann nimh isteach sa chreach. Itheann an chuid is mó de tharantúlaí feithidí cosúil le crucaidí caoráin agus dreoilíní teaspaigh, ach itheann cuid de na speicis is mó froganna, laghairteanna beaga, nathracha agus lucha. In ainneoin a n-ainm, ní itheann tarantúlaí éan-iteacha éin de ghnáth. Cé gur chreidtear a mhalairt, ní mharófaí duine de bharr greim ó tharantúla - ach amháin más rud é go bhfuil ailléirge ort leis. Beidh pian i gceist leis dá bharr, pian atá cosúil le cealg bheiche. Is féidir le roinnt speiceas de tharantúlaí píosaí de ghruaig ghreannach a dháileadh a d'fhéadfadh a bheith dainséarach má théann siad isteach sna súile. Faightear tarantúlaí i réigiúin thrópaiceacha agus fásaigh ar fud an domhain. Is é an tarantúla Éan-iteach Ghóiliat ó Mheiriceá Theas an Tarantúla is mó ar domhan.

Féach ar an Tarantúla Glúndearg Meicsiceach i bhFoghlaim faoin Nádúr (17).

Aghaidh fidil dhamhsóirí Kolam

Takabuti

Tarantúla Glúndearg Meicsiceach

Tar éis 'beagán scanraidh a bheith ort', b'fhéidir go mbeidh sólaistí ag teastáil uait chun tú a chur ar do shuaimhneas arís. Tá réimse leathan béilí sláintiúla a thagann ó fhoinsí áitiúla ar fáil inár mbialann agus is áit iontach í ár gcafé chun cupán tae nó caife a bheith agat, áit a bhfuil réimse blaisíní milse a mbeidh tú ag iarraidh triall a bhaint astu.

Taephota ó Wedgewood, c1820.

Lammergeier

Is é an Lammergeier *Gypaetus barbatus* nó an Bultúr Féasógach ceann de na héin chreiche is neamhchoitianta san Eoraip. Faightear é i limistéir shléibhe na hEorpa, na hÁise agus na hAfraice Thuaidh. Cosúil le bultúir eile, is scroblachóir é a itheann feoil agus cnámha ainmhithe atá marbh. Titeann cnámha móra ar fhánaí carraigeacha agus briseann siad ina bpíosaí beaga agus is féidir iad a ithe go héasca. Faigheann a lán Lammergeiers bás tar éis conablaigh nimhiúla a fágadh amuigh mar bhaoite d'ainmhithe eile a ithe. Is mór an bagairt é baoite nimhiúla ar mhaireachtáil an speicis seo. Tá an Lammergeier baineann seo á taispeáint le fiachat. Ullmhaíodh é in Eanáir 1904 agus is é ceann de na suiteálacha is fearr a chuir an comhlacht seitheadóireachta ó Bhéal Feirste, Sheals, le chéile.

Féach ar Lammergeier i Réimeanna na Samhlaíochta (18).

Iasc Bulladóra

Ba é *Xiphactinus audax*, nó an t-Iasc Bulladóra mar a ghlaoitear air, ceann de na creachadóirí is fíochmhara a shnámh san aigéan ársa a chlúdaigh Kansas 85 milliún bliain ó shin. É chomh fada le 6 méadar (20 céim) ar fhad agus starrfhiacla ollmhóra air, gabhadh éisc agus éin farraige shoineanta i gceap na bhfiacla a bhí casta agus é ar oscailt ag an arracht farraige. Go deimhin, fuarthas roinnt de na héisc iontaise ollmhóra seo le heisc iomlána suas le dhá mhéadar (6 troigh) iontu. Fuarthas cnámha Xiphactinus i gCailc Dheisceart Shasana, a sil-leagadh ag an am céanna le hAolchloch Bán Uladh. Tá an-seans ann, mar sin, gur shnámh an t-iasc thar Thuaisceart Éireann uair amháin.

Féach ar an Iasc Bulladóra in Iontaisí agus Éabhlóidí (23).

Blaosc Eabhartha

Rionnadh an blaosc seoigh eabhartha seo as starrfhiacail eilifinte. Tá seans maith ann go ndearnadh é i Sasana i gcaitheamh an 17ú aois. Glaoitear an 'Momento Mori' ar an leathbhlaosc amháin agus Leath d'fhear féasógach atá leatbheo. 'Cuimhnigh go bhfuil tú chun bás a fháil' is brí leis an bhfrása Laidine seo, a mheabhraíonn daoine ar a moráltacht féin. Taispeánann sé go soiléir go raibh tuiscint acu na céadta bliain ó shin ar – 'bíodh eagla ort – bíodh an-eagla ort!' Is cuid den bhailiúchán seodra é an blaosc a thug Mrs. Hull Grundy d'Iarsmalann Uladh mar bhronntanas. Thosaigh sí ag tabhairt ábhar don Iarsmalann sa bhliain 1975 agus lean sí ar aghaidh á dhéanamh go dtí go bhfuair sí bás sa bhliain 1984. Thosaigh sí ag bailiú seodra ón 16ú-20ú aois nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois leis an airgead póca a bhí aici.

Féach ar an mBlaosc Eabhartha i nDánlann Ealaíne Feidhmí George agus Angela Moore (33).

Lammergeier

Iasc Bulladóra

Blaosc Eabhartha

Toisc go dtagann athrú ar na taispeántais agus go dtugtar ábhar ar iasacht d'iarsmalanna eile, ní mór a thuiscint go bhfuil seans ann nach mbeidh cuid de na hábhair atá luaite sa treoirleabhar á dtaispeáint nuair a thagann tú ar cuairt.